Clár

Bia Coitianta	3
Ag Fás Ríse	6
Ag Baint na Ríse	14
Ag Díol Ríse	18
Miasa Ríse	20
Gluais	23
Innnéacs	24

Bia Coitianta

Itheann níos mó daoine rís ná bia ar bith eile. Tá sí cothaitheach, rud a chiallaíonn go bhfuil sí go maith duit. Tugann sí fuinneamh duit agus líonann sí do bholg. Tá sé an-saor chomh maith agus tá sé fairsing.

▲ Is príomhbhéile é babhla ríse ina lán tíortha san Áise.

San Áise, itheann daoine rís dhá uair nó trí huaire sa lá de ghnáth. Go minic, is cuid mhór den bhéile í rís. I roinnt teangacha san Áise, úsáideann siad an focal céanna le haghaidh ríse agus le haghaidh bia.

Sa tSínis, tá an t-ainm *fan* ar bhia agus ar rís. I dteangacha eile san Áise, úsáideann siad an focal céanna le haghaidh "ith" agus "ith rís".



Mar a Tháinig Tús le Rís

Tá go leor scéalta ann faoi rís agus cathain a cuireadh í den chéad uair. Seo scéal amháin as an tSín.

Fadó sa tSín, bhí tuilte ann. Nuair a tháinig deireadh leis na tuilte tháinig na daoine anuas ón sliabh. Bhí a gcuid plandaí go léir millte ag na tuilte. Ní raibh aon bhia ann. Go tobann, tháinig madra an treo. Bhí síolta buí leis. Chuir na daoine na síolta. D'fhás rís astu, agus ní raibh ocras ar na daoine choíche arís.

Ar fud an domhain, itheann daoine rís i gcuid mhór rudaí. Itheann siad rís in anraithí, i sailéid agus i milseoga. Déantar bianna eile le rís. Úsáidtear í chun bianna mar núdail, plúr, gránach agus sneaiceanna a dhéanamh.

fínéagar ríse

núdail ríse

cácaí ríse

gránach ríse

sceallóga ríse

sneaiceanna ríse